Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Márta 2023**
**(OR. en)**

**7594/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0061(NLE)**

**PECHE 98**
**UK 48**
**N 29**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM (2023) 114 FINAL |
| Ábhar: | RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2023/194 an 30 Eanáir 2023 lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad, chomh maith le deiseanna iascaireachta den sórt sin a shocrú le haghaidh 2023 agus 2024 le haghaidh stoic éisc áirithe dhomhainfharraige (an chéad leasú)<br>- Ráitis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas comhpháirteach maidir leis an ábhar thuasluaite.

**RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH**

**Ó ÉIRINN, ÓN bhFRAINC, ÓN bPORTAINGÉIL AGUS ÓN SPÁINN**

**maidir le deiseanna iascaireachta a mhalartú le haghaidh stoic áirithe faoi ICCAT**

Faoi roinnt moltaí ICCAT, féadfaidh an tAontas, arna iarraidh sin, céatadán dá chuóta de stoic áirithe nár úsáideadh faoi ICCAT a thabhairt anonn: tuinnín colgach an tuaiscirt (*Thunnus alalunga*) (ALB/AN05N), do thuinnín colgach an deiscirt (ALB/AS05N), don tuinnín mórshúileach (*Thunnus obesus*) san Aigéan Atlantach (BET/ATLANT), don cholgán (*Xiphias gladius*) san Aigéan Atlantach, lastuaidh de 5 T (SWO/AN05N) agus don cholgán san Aigéan Atlantach, laisteas de 5°T (SWO/AN05N). Is chun leas an Aontais atá sé a áirithiú go bhféadfaidh Ballstáit an Aontais, sula dtosóidh na séasúir iascaireachta faoi seach, cuótaí an Aontais a úsáid le haghaidh stoic ICCAT dá bhforáiltear in ICCAT don bhliain 2023, lena n-áirítear aon tabhairt anonn nó asbhaintí.

Aithníonn Éire, an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Spáinn gur cheart a chur san áireamh ina gcuótaí aonair faoi seach do na stoic sin cé acu a rinne nó nach ndearna an Ballstát lena mbaineann tearciascaireacht ar an stoc ar leith nó an ndearna sé ró-iascaireacht air in 2021. Chuige sin, tar éis dóibh fógra a thabhairt don Choimisiún de bhun Airteagal 16(8) den Rialachán maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, geallann siad go ndéanfaidh siad cuid de na deiseanna iascaireachta a leithdháiltear orthu le haghaidh na stoc ICCAT sin a mhalartú lena áirithiú go mbeidh na deiseanna iascaireachta in 2023 ag freagairt dá gcuótaí aonair agus an tearciascaireacht nó an ró-iascaireacht a rinne siad in 2021 á gcur san áireamh. Déanfar na malartuithe mar seo a leanas:

| **Colgán an Deiscirt** | |
|---|---|
| **An Ballstát** | **Babhtálacha** |
| an Spáinn | -32.36 |
| an Phortaingéil | 32.36 |

| **Colgán an Tuaiscirt** | |
|---|---|
| **An Ballstát** | **Babhtálacha** |
| an Spáinn | 129.23 |
| an Phortaingéil | -125.74 |
| Eile | -3.49 |

| Pandalus borealis | |
|---|---|
| **An Ballstát** | **Babhtálacha** |
| Éire | -70.60 |
| an Spáinn | -549.51 |
| an Fhrainc | 232.27 |
| an Phortaingéil | 387.84 |

| An tuinnín mórshúileach | |
|---|---|
| **An Ballstát** | **Babhtálacha** |
| an Spáinn | 74.24 |
| an Fhrainc | 208.14 |
| an Phortaingéil | -282.38 |